

Snáithe: Labhairt

1. Ábhair shuimiúla a phlé leis na daoine eile sa rang: m.sh Comhrá beirte

- Cén cluiche is fearr leat?
Peil/iomáint/liathróid láimhe an cluiche is fearr liom.
- Cén t-imreoir is fearr leat?
Is dóigh liom go bhfuil _____ an-mhaith ar fad , ach tá _____ níos fearr.
- Cén dath/cad iad na dathanna a chaitheann siad?
De ghnáth caitheann siad gorm agus ór (ach nuair a bhíonn siad ag imirt as baile caitheann siad bán agus dearg.)
- Cluiche a chonaic tú.
Bhí mé ag cluiche Dé Domhnaigh seo caite, bhí na Piarraigh agus Clann na nGael ag imirt.
- Cluiche a imríonn tú.
Imrím peil agus iomáint ach taitníonn liathróid láimhe liom chomh maith.
- Ag caint faoi thuras go Páirc an Chrócaigh.
Bhí turas scoile againn anuraidh agus chuaigh an rang ar fad. Is ar an traein a chuamar. Bhí _____ agus _____ ag imirt. Bhí an bua ag _____.

2. Cluichí teanga a imirt

- Cluiche biongó: scríobh téarmaí a bhaineann leis na cluichí ar an gclár dubh le cabhair na bpáistí.
- Cluiche cuimhne- Tabhair abairt do na paistí agus iarr orthu leanúint ar aghaidh. M.sh 1.Chuaigh mé go Páirc an Chrócaigh. 2 Chuaigh mé go Páirc an Chrócaigh agus chonaic mé cluiche.
- Aimsigh na difríochtaí idir dhá phictiúr: **CÁRTA OIBRE 1A**
Ceisteanna: An bhfuil _____ i do phictiúr?
Cá bhfuil _____?
Cé mhéid _____ atá i do phictiúr?
Níl aon _____ i mo phictiúr ach tá i do phictiúr se.
Ar an, ag an, idir, os cionn, taobh thiar, os comhair, in aice, i lár & srl.
- Cá bhfuil tú? Ligeann an múinteoir air/uirthe go bhfuil sé/sí imithe in áit éigin. Bíonn an rang ag tomhais cá bhfuil sé/sí imithe.
- An Crochadóir: Scríobh focail ar an gclár dubh a bhaineann le cúrsaí CLG.
- Cluiche Kim: Cuirtear rudaí a bhaineann leis an CLG in áiteanna éagsúla sa seomra ranga faoi shúile na bpáistí. Ansin dúnann na paistí a súile agus cuirtear rud nó dhó in áit difriúil. Deireann na paistí céard atá difriúil. M.sh. Bhí an camán ar an bhfuinneog ach anois tá sé faoin mbord.
- Mím: Tugann an múinteoir leid don pháiste faoi mhím a dhéanfaidh sé/sí nó tugann an múinteoir cárta le pictiúr/focal de ghníomhaíocht do pháiste amháin. Bíonn na paistí eile ag tomhas cén ghníomhaíocht atá ar siúl ag an bpáiste m.sh Tá tú ag ciceáil.
- Cé mise? Léigh na téacsanna a thagann le cárta oibre 1B agus iarr ar na paistí eolas a chumadh faoi na imreoirí eile.



- Fiche ceist: m.sh.
An bhfuil an rud _____?
(bog, fada, crua & srl.)
An féidir é/i _____? (a bhualadh, a bhriseadh)
An fear é? Sea/Ní h-é
An bhfuil dath rua ar a c(h)uid gruaige?
An imríonn sí le _____?
Ba mhaith liom tomhais a dhéanamh.
An _____ é/i?



- Ról imirt
Lá an chluiche atá ann, tá sibh chun deiridh.
Cad déarfadh tú leis an bhfoireann?
Is tusa an captaen buacach, cad déarfadh tú leis an slua?
Is imreoir tú nach bhfuil ag fáil a áit/a háit ar an bhfoireann – argóint leis an traenálaí.
- 3. Suirbhéanna a dhéanamh agus tuairiscí a thabhairt ar Chumann Lúthchleas Gael, m.sh An t-imreoir is fearr sa tír/ geansaí peile is deise.
- 4. Imreoir Cumann Lúthchleas Gael a chur faoi agallamh don raidió.
- 5. Caint faoi phictiúr: Bain úsáid as na pictiúir atá ar fáil chun comhrá a spreagadh. **CÁRTA OIBRE 1C**
- 6. Féach ar pháirtí cluiche ar TG4 agus lig do na páistí plé a dhéanamh faoin gcluiche.
- 7. Cur síos ar an imreoir is fearr leo nó ar imreoir a chonaic siad sa phictiúr/ ar fhíseán. **CÁRTA OIBRE 1D**
- 8. Suíomhanna na n-imreoirí ar an bpáirc: Is féidir an **CÁRTA OIBRE 1E** a úsáid chun na suíomhanna a leagan amach. Is féidir leis na páistí an fhoireann scoile a phlé m.sh Cé hé/hí an cúlbaire? Tá _____ i lár na páirce. Is é/i _____ an lán tosaí.
Is féidir leo an fhoireann áitúil a phlé nó foireann an chontae.

Snáithe: Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- Scríobh faoi chluiche a chonaic siad.
- Scríobh faoi chluiche a d'imir siad ag úsáid na téarmaí atá le fáil.
- Scríobh próifil faoin imreoir is fearr leo.
(Féach ar ICT) **CÁRTA OIBRE 1D.**
- Ullmhú a dhéanamh roimh imreoir a chur faoi agallamh – ullmhaigh na ceisteanna.
- Captaen buacach sa chluiche: scríobh giota faoi cad a déarfá – an óráid.
- Dán 4-6 líne a chumadh.
- Scríobh an scéal le 12/15 focail tugtha (Féarch ar na téarmaí thíos)
- Fíor nó bréagach 10 ceist a fhreagairt.
- Fíor nó bréagach bunaithe ar phictiúr.
- Scríobh na difríochtaí idir dhá phictiúr **CÁRTA OIBRE 1A.**
- Tionscadal a dhéanamh ar Chumann Lúthchleas Gael.
- Suíomh na n-imreoirí ar an bpáirc: Tar éis na suíomhanna a phlé, is féidir leo an fhoireann a scríobh **CÁRTA OIBRE 1F.**



- Achoimhre a dhéanamh ar Chluiche Ceannais na hÉireann.
- Scéal a scríobh faoi imreoir éigin. Is féidir leo na leabhair thuas luaite nó www.cúl4kidz.com a úsáid chun an teolas a fháil.

Seo sampla de cheisteanna don Tráth na gCeist.

1. Cad iad na dathanna a gcaitheann foireann Tír Eoghain?
2. Cé hé an bainisteoir ar fhoireann Cill Chainnigh?
3. Cén t-ainm atá ar chorn Cluiche Ceannais Iomáint na hÉireann?
4. Cad a chaitheann tú ar do cheann nuair a bhíonn tú ag iomáint?
5. Cé hé cúlbaire Loch Garman san iomáint?
6. Cén uimhir a chaitheann an chúlbaire?
7. Cén uimhir a chaitheann an lán cúlaí?
8. Imríonn Alan Brogan peil le cén fhoireann?
9. Cé mhéad contae atá i gCúige Mumhan?
10. Cén dath atá ar gheansaí fhoireann Luimní/Aontroma/Cill Mhantáin?
11. Cén t-ainm atá ar chorn Cluiche Ceannais Peile na hÉireann?
12. Cé mhéad duine atá ar fhoireann iománaíochta.
13. Cad iad na dathanna a caitheann Sligeach?
14. Ainmnigh Uachtarán Cumann Lúthcleas Gael.
15. Ainmigh an chéad Uachtarán ar Chumann Lúthcleas Gael.
16. Cén chontae ina bhfuil _____ mar bhainisteoir?
17. Cé a bhuaigh Cluiche Ceannais Uladh/Laighin/Connacht/Mumhan anuraidh?
18. Cén chontae ina bhfuil Páirc Uí Chaoimh?



Snáithe: Léitheoireacht

Tá leabhair iontach ar fáil ó Model Education ar théama “Cumann Lúthcleas Gael”
(See Resources)

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- Bain úsáid as na téacsanna atá ar fáil **CÁRTA OIBRE 1B 1G**.
- Treodóireacht: Roinn na páistí i ngrúpaí. Tabhair léarscáil den scoil do gach grúpa. Beidh timpeall 10 áit léirithe ar an léarscáil timpeall na scoile. Beidh ceist faoin CLG faoin gcón.
- Crosfhocal **CÁRTA OIBRE 1E**.
- Sliocht a léamh agus ceisteanna a fhreagairt **CÁRTA OIBRE 1G**.
- Fíor nó bréagach 10 gceist a fhreagairt.
- Fíor nó bréagach bunaithe ar phictiúr ó leabhair nó postaer.
- Filíocht a léamh- mar shampla: An Iomáint le Seán ó Finneadh.



Nathanna úsáideacha chun cluiche a imirt nó chun prionta a chur ar an mballa:

Iomáint: Hurling

Cluiche Corr: Rounders

Peil Ghaelach: Gaelic Football

Peil na mBan: Ladies Football

Liathróid Láimhe: Handball

Camógaíocht: Camogie

Maith thú: Well done

Cic éirice: Penalty Kick

Tabhair dom an liathróid:

Give me the ball

Iompaigh/cas timpeall: Turn around

Féach ar an liathróid: Look at the ball

Scaoil leis an liathróid: Release the ball

Cuir isteach go híseal/hard í: Send it in low/high

Tá sé ar chomhscór: It's a draw

Tá sé imithe thar an taobhlíne:

It's gone over the line

An réiteoir: The referee

An trasnán: The crossbar

Calaois: Foul

Cúl: Goal

Cúilín: Point

Bhuail mé an sliotar: I hit the ball

Shéid sí an fheadóg: She blew the whistle

Scór den scoth!: Great score!

Bratach glas/bán: Green/whiteflag

Taobhlíne: sideline

D'ardaigh an maor cúl an bratach glas:

The umpire raised the green flag.

Fuair sí cúl: She got a goal

Chuir sí an liathróid ar seachrán/ ar forail:

She put the ball wide

Cárta dearg: Red card

Poc/Cic soar: Free (kick)

Cic/Poc piónóis: Penalty

An maor líne: The linesman

Na maoir cúil: The umpires

Bhuail sé an trasnán: He hit the bar

Líontán: Net

Imreoir(i): Player(s)

Scóráil sé cúl iontach: He scored a great goal

Athemirt: Replay

Is iománaí iontach é:

He's a great hurler

Sár-imreoir: Great player

Foireann: Team

Na fóirne: The teams

Pasáil an liathróid: Pass the ball

Blocáil é/í: Block it

Coinnigh íseal é/í: Keep it low

Glac an cúilín: Take the point

Dimir tú cluiche iontach: You played a great game

An chéad leath: The first half

An dara leath: The second half

Rinne sibh bhur ndícheall: You did your best

Bhí mí-ádh orainn: We were unlucky

Fan leis/leí: Stay with him/her

Lean é/í: Follow him/her

Ardaigh an liathróid: Lift the ball


Ruathar aonair: Solo run

Tá leabhairín le tearmaí Gaeilge le fail ó Pháirc an Chrócaigh



Freagraí le h-aghaidh Cárta 1A

1. Níl líontán sa chúl i bpictúir B agus tá líontán sa chúl i bpictúir A.
2. Tá alán scamail sa spéir i bpictúir A.
3. Tá dhá coin i A, níl ach ceann amháin i bpictúir B.
4. Tá uaireadóir timpeall muineál an mhúinteoir i bpictúir A.
5. Tá an múinteoir ag caitheamh bríste gearr i bpictúir B.
6. Tá an geata dúnta i bpictúir A.
7. Níl Go Games scríofa ar geansaí an peileadóir i bpictúir A.
8. Tá gruaig dubh ag an gcailín i bpictúir B.
10. Níl Go Games scríofa ar an mballa i bpictúir B.
11. Níl aon séipéal i bpictúir A.
12. Níl éin sa spéir i bpictúir B.
13. Níl feadóg ag an múinteoir i bpictúir A.
14. Níl Go Games scríofa ar an liathróid i bpictúir A.
15. Tá an múinteoir ag caitheamh slipéir i bpictúir B. B'fheidir go bhfeicfidh na daltaí níos mó!



Freagraí le h-aghaidh Cárta 1E

Trasna

2. cúl
4. réiteoir
6. corn
7. bainisteoir
8. feadóg

Síos

1. páirc
2. cúilín
3. sliotar
5. dearg

